

Éireannaigh féin fionnLochlannaigh

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlum Dána*, Dublin, 1938, poem 89]

Fear Flatha Ó Gnímh .cct.

1 Éireannaigh féin fionnLochlannaigh
dá bhfreimh ó na finnghealChollaibh,
an fheadhain shaor shuilbhearchonnail
nar thaobh Eamhain innbhearthonnaigh.

2 Aicme ad-roigh re robhuanaimsir
tar moir ngoilthe ngoibhéilinnsigh,
lucht sealbha na seinÉireann-soin
ó Ghurt Eamhna oiléininnsigh.

3 Triallaid tar cuan gcormbogabaigh
sluagh dá bhfianaibh formaideagair
do ládh druim gér dhearmadobair
le clár Cuinn far chomhraigeadair.

4 Dronga go gcéill chomhairleimhir
do fhréimh Cholla chridhiorghalaigh
ó shoin um fhád n-oirearMhonaidh
a-tád thoir 'n-a dtighearnadhaibh.

5 Ré cian fa chuing fhéinnidheachta
ó fhiadh Fhloinn don leomhainealta
deighsheatl raith an ríoghoireachta;
maith deireadh na deoraidheachta.

6 Tír dúthaigh chláir chríchfhionnMhonaidh
dháibh níor dhúthaigh mhátharbhunaidh;
fan thír fhoirbhthe fhéithinnbhearaigh
díbh níor ghoirthe achd gnáthAllmhuraigh.

7 Fillid díobh táin tromthuinighthe
go Tír bhFáil na fearchoinshirthe
do léim tar fhál n-anfadhaithbhe
i gClár Néill is neamhchoimhighthe.

8 Gasraidh do dhruim dúthrachttogha
tar tuinn anfaidh áithneartmhara
fád Dá Thí ar tí a luathrochtana
's a-tád ar tí a tháirtheachtana.

9 Banbha Chuinn badh críochcoganta
do dhruim fhaghla 's éachtaigeanta
sirthe ón bannbhras bárcuideachta

adhnas crithre a gcéadchaigealta.

10 Críoch réidh maicne mearRudhraidhe
fan aicme ós fhéin bhfionnAlmhaine
don eing cheathraigh cheallainglidhe
beanfaidh greim na giollanraidhe.

11 Mo chean báighfhir beoighleacacha,
fir go bhfáinnibh órshlatacha,
drong gan táir gan taoibhfhereiteacha
do sháidh sonn a sróllbhratacha.

12 Caor shlóigh don fhréimh ríoDhomhnallaigh
nach dóigh dréim re a ndírimdhreamaibh
do shín i-le i léibheannlongaibh
gus an dtír dte dtírimghleannaigh.

13 Ceann brughadh is breitheamhmaicne,
ceann na gcuradh gcaithinnilte,
ceann riaghla agus rochomairce,
fearr ón larla an aithimirce.

14 Éan d'ealta na heoMhodhairne
do fhéagh reampa a [róimhfleidhinmhe]
mac Máire mac saorShomhairle
slat fháinne dar n-óiridhibh-ne.

15 Cú do-chóidh ós chuainfhearchonaibh,
ar gcnú óir ar n-aonaithmheadhair,
Raghnall griangha an Ghaoighilchinidh
larla garmann ngaolaithreamhail.

16 Bláth cnó ar dteachta ó thréanCholladhaibh
ní dhearca a chló ar chaorthandoraigh;
do-chuas ler gcéir lóchrannamhail
céim suas tar na saorchlannadhaibh.

17 Sruth mion ní meadh d'iomuislinnidh;
d'fhior Bhreagh ní bhean tomhaschomaidh;
ré do só tar soluisreannaibh
is é a chló ós chomhursannaibh.

18 Do sgaoil d'fhádh snaidhm seantarngaireadh;
lán dá ainm an Fhionntanmhaighean;
gidh bé ad-cheadh a chointinnmheadhair
fear is é ná hionntamhlaigheadh.

19 Tugar páir mín meamramrulla
ón rígh do rádh tingheallranna

Iá gamha i gceann coimhdhiogholuma
Gleann Arma agus innbhearrBhanna.

20 Dún libhse na leathanghormmagh
múr nach brisfe brathairminnleadh
gan gheis ann dá athoirbhearnadh
a-nall leis is Lathairninnbhear.

21 Beantar smuais faoi 's fearainnfiadhuil,
gach sgaoi cnuais do chrobhuingéirigh,
tug burba ar bhóid neamhaindeonuigh,
róid chumhga do chonuirréidhigh.

22 Lán arbha i ngach iothlannchuilidh
fa chlár n-Arma n-eathbhairrshleamhain;
tug thír d'or ar eachradhghroighibh
sgor síl ar na seanchaibhdheanaibh.

23 Sgotha cnuais 'n-a gcoillfhiarghobhlaibh
srotha um Bhuis do bheangáingheimhligh;
bric chorcra ar taoi a dtiománghoibhngidh
gach laoi ar dtochta a dteannáilgheimhridh.

24 Dreach úr shéimh mar shomplaichrithre
don fhréimh gan rún gconntarchaithmhe;
tonn do líon do lonntorchairthe
síol na gConn gcomparchairthe.

25 Múr seang aige 's aontachosmhail
le Dún na reann réaltachobhsaidh;
mar tá sonn mí Mártaitheasbhaigh
do bhí fan gConn gCéadchathach-sain.

26 Glór na gcuach níor chaomhchorraighe
ó Bhóinn go bruach saorThoraighe,
níor ghairde an mhaith mhórthoghadhe
i bhflaith Chairbre 's caomhChonaire.

27 Gach ceall i bhfuair áladhdoirse
uaidh as fhéarr a haoileagair-se;
searc gach baothmhná brághadshoillse
ní chlaochlá neart naoimheagailse.

28 Sine cóir síl seinFhéidhlimidh
ar an mBóinn mín mainéirreannaigh;
aoighe thall í i n-oiléineangaib
an chlann do bhí ag bainÉireannaigh. Éireannaig.